IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908

ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929
ACHT NA nOLLSCOILEANNA, 1997

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

REACHT CCLXXI

Irish Universities Act, 1908

Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929
Acht na nOllscoileanna, 1997

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

REACHT CCLXXI

Faoi agus de bhua na gcumhacht chuige sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Reacht atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.

Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an séú lá déag seo d'Eanáir, Dhá Mhíle agus a Dó.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtarán*
Séamus Mac Mathúna, *Rúnaí*

SCEIDEAL - REACHT CCLXXI

Déanfar Reachtanna uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.

CAIBIDIL I

1. Bunaítear leis seo san Ollscoil na Léachtóireachtaí lánaimseartha seo a leannas:

Léachtóireacht (gan Teideal) Uimh. 21
Léachtóireacht (gan Teideal) Uimh. 22
Léachtóireacht (gan Teideal) Uimh. 23
Léachtóireacht (gan Teideal) Uimh. 24
Léachtóireacht (gan Teideal) Uimh. 25
Léachtóireacht (gan Teideal) Uimh. 26
Léachtóireacht (gan Teideal) Uimh. 27
Léachtóireacht (gan Teideal) Uimh. 28
Léachtóireacht (gan Teideal) Uimh. 29
Léachtóireacht (gan Teideal) Uimh. 30.

2. Is é tuarastal bliantúil a ghabhfaidh le gach ceann de na Léachtóireachtaí (gan Teideal) réamhráite ná an tuarastal a ghabhann ó am go chéile le Léachtóireachtaí lánaimseartha na hOllscoile.

3. Is oifig inphinsin í gach ceann de na Léachtóireachtaí (gan Teideal) sin de réir forálacha Reachtanna CLXI, CLXV, CLXXXVI, CLXXXVII, CCVII agus CCXXVI, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

4. Beidh sealbhóir gach ceann de na Léachtóireachtaí (gan Teideal) sin i seilbh oifige, má bhíonn sé/sí dea-iompartha agus go gcomhlíonfaidh a d(h)ualgais go cuí, go dtí go slánaí sé/sí cúig bliana seascad d'aois, agus féadfar é/í a choimeád in oifig ina dhiaidh sin go ceann cúig bliana eile : AR CHOINNÍOLL go molfaidh an tUachtarán d'Údarás na hOllscoile agus go gceadóidh Údarás na hOllscoile, gach bliain, é/í a choimeád in oifig amhlaidh.

5. Bunófar na Léachtóireachtaí (gan Teideal) réamhráite sna Dámha agus sna hábhair a chinnfidh Údarás na hOllscoile ó am go chéile.

6. Comhlíonfaidh sealbhóir gach ceann de na Léachtóireachtaí (gan Teideal) sin dualgais na Léachtóireachta faoi stiúrú cibé Ollaimh nó cibé Ceann Roinne a mheasfaidh Údarás na hOllscoile is iomchuí.

CAIBIDIL II

1. Bunaítear leis seo san Ollscoil an Léachtóireacht lánaimseartha seo a leanas:

   Léachtóireacht le hInnealtóireacht Bhithleighis.

2. Is é tuarastal bliantúil a ghabhfaidh leis an Léachtóireacht réamhráite ná an tuarastal a ghabhann ó am go chéile le Léachtóireachtaí lánaimseartha na hOllscoile.

3. Is oifig inphinsin í an Léachtóireacht sin de réir forálacha Reachtanna CLXI, CLXV, CLXXXVI, CLXXXVII, CCVII agus CCXXVI, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

4. Beidh sealbhóir na Léachtóireachta sin i seilbh oifige, má bhíonn sé/sí dea-iompartha agus go gcomhlíonfaidh a d(h)ualgais go cuí, go dtí go slánaí sé/sí cúig bliana seascad d'aois, agus féadfar é/í a choimeád in oifig ina dhiaidh sin go ceann cúig bliana eile : AR CHOINNÍOLL go molfaidh an tUachtarán d'Údarás na hOllscoile agus go gceadóidh Údarás na hOllscoile, gach bliain, é/í a choimeád in oifig amhlaidh.

5. Comhlíonfaidh sealbhóir na Léachtóireachta sin dualgais na Léachtóireachta faoi stiúrú Cheann Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla.

CAIBIDIL III

1. Ní dhéanfaidh aon ní anseo difear d'aon cheapachán a rinneadh, d'aon cheart nó fuarthas ná d'aon ghníomh a rinneadh faoi aon Reacht den Ollscoil roimhe seo.

2. Tiocfaidh an Reacht seo i ngníomh an séú lá déag d'Eanáir, Dhá Mhíle agus a Dó, agus féadfar Reacht CCLXXI, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó R. CCLXXI, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-
Shéala Ollscoil na hÉireann,
Gaillimh, dó seo:

L.S.

Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtarán*
Séamus Mac Mathúna, *Rúnaí*